

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.10917 — SCHÜCO / METALLINVEST / RSFB / AWB)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 115/08)

1. An 22 Márta 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Schüco International KG (“Schüco”, Germany), cuid de Otto Fuchs Beteiligungen KG (“Otto Fuchs”, an Ghearmáin),
- Metallinvest Holding GmbH (“Metallinvest”, an Ostair),
- RSFB Technologie Ges mbH, (“RSFB”, an Ostair),
- AWB Aluminiumwerk Berlin GmbH (“AWB”, an Ghearmáin).

Gheobhaidh Schüco, Metallinvest agus RSFB rialú comhpháirteach ar AWB ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Tá Schüco gníomhach i bhforbairt, táirgeadh agus díol córas foirgneamh le haghaidh aghaidheanna foirgneamh déanta d’alúmanam, cruach agus plaisteach,
- Faigheann agus bainistíonn Metallinvest sealúchais i gcuideachtaí eile, go háirithe iad siúd sa tionscal miotail,
- Feidhmíonn RSFB mar chuideachta sealbhaíochta amháin,
- Tá AWB gníomhach in easbhúrúna cóimhiotal bog alúmanaim.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10917 — SCHÜCO / METALLINVEST / RSFB / AWB

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).